



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2022  
(OR. en)

16290/22

RECH 673  
COMPET 1072  
TELECOM 545  
SOC 701  
MI 981

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 708 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Meastóireacht chríochnaitheach ar an gClár Taighde agus Forbartha um Maireachtáil Ghníomhach agus Chuidithe

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 708 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 708 final



An Bhruiséal, 19.12.2022  
COM(2022) 708 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Meastóireacht chríochnaitheach ar an gClár Taighde agus Forbartha um Maireachtáil  
Ghníomhach agus Chuidithe**

{SWD(2022) 404 final}

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Meastóireacht chríochnaitheach ar an gClár Taighde agus Forbartha um Maireachtáil Ghníomhach agus Chuidithe

### 1. FORBHREATHNÚ

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí na meastóireachta críochnaithe ar an gclár Taighde agus Forbartha um Maireachtáil Ghníomhach agus Chuidithe (AAL2, lena gclúdaítear 2014-21)<sup>(1)</sup>. Is é tátal an Choimisiúin, ar bhonn na meastóireachta sin, gur éirigh leis an gclár AAL2 a phríomhspríocanna a bhaint amach.

Bhain an clár go mór le hábhar i ndáil leis na fadhbanna a ndíríodh orthu agus na páirtithe leasmhara lena mbaineann, agus d'fhreagair sé go maith do theicneolaíochtaí atá ag athrú agus do thimpeallacht an mhargaidh atá ag forbairt go tapa. Léiríodh ann go raibh idirghabháil AE riachtanach agus éifeachtach araon chun nuálaíocht dhigiteach a sholáthar in aosú gníomhach, folláin i réimsí éagsúla, lena n-áirítear an tsláinte agus cúram; cumarsáid agus faisnéis; sábháilteacht agus slándáil; fóillíocht agus cultúr; obair agus oiliúint; taisteal agus iompar.

Tá an mheastóireacht bunaithe ar staidéar seachtrach<sup>(2)</sup>, a chuimsíonn 2 chás-staidéar<sup>(3)</sup>, ag baint úsáide as sonraí a bailíodh trí shuirbhéanna agus agallaimh le rannpháirtithe an chláir agus le páirtithe leasmhara éagsúla ar bhonn níos leithne, agus í comhlánaithe le sonraí a sholáthraíonn an struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe a bhainistíonn an clár AAL agus fianaise a bailíodh cheana féin ó staidéir roimhe seo, mar shampla meastóireachtaí roimh ré, measúnuithe tionchair, tuarascálacha féinmheasúnaithe agus athbhreithnithe cláir bliantúla (an Coimisiún, le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha).

Léiríonn na torthaí foriomlána an tábhacht a bhaineann le:

- nuálaíocht digiteach a úsáid chun cabhrú le daonraí atá ag dul in aois, tacú le maireachtáil ghníomhach, fholláin, agus todhchaí ár gcóras sláinte agus cúraim a dhaingniú;
- straitéisí chun feidhm a bhaint as nuálaíocht agus í a mhéadú ar mhaithe le dul in aois go maith/maireachtáil fholláin a dhíríonn ar: réitigh dhigiteacha a

---

<sup>(1)</sup> Cinneadh Uimh. 554/2014/AE, an 15 Bealtaine 2014.

<sup>(2)</sup> Tuarascáil Saineolaithe Neamhspleách (Meán Fómhair 2022). *Meastóireacht chríochnaitheach ar an gClár Taighde agus Forbartha um Maireachtáil Ghníomhach agus Chuidithe (AAL2)* – Staidéar chun tacú leis an meastóireacht ex-post ar an gCreatchlár Eorpach um Thaighde agus Nuálaíocht Fís 2020, Prognos, PPMI, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (<https://data.europa.eu/doi/10.2777/068757>).

<sup>(3)</sup> Tuarascáil Saineolaithe Neamhspleácha AAL2, meastóireacht chríochnaitheach: *Iarscríbhinn D: Cás-staidéar maidir le 'Gníomhaíochtaí Tacaíochta d'fhorbairt acmhainne agus d'fhorbairt pobail agus Iarscríbhinn E: Cás-Staidéar ar 'Learnings from the AAL2 Public-Public Partnership Approach*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg (<https://data.europa.eu/doi/10.2777/068757>).

chomhtháthú agus a úsáid i gcórais atá ann cheana; rannpháirtíocht níos fearr na ngníomhaithe uile feadh an tslabhra luacha ar fad, lena n-áirítear rannpháirtíocht réigiúnach; agus spreagadh agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí chun dul chun an mhargaidh (lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna));

- comhar agus cumarsáid ar gach leibhéal agus leas a bhaint as an bhfuinneamh a thagann as 'comhghuaillíocht na gcorraitheoirí luatha' arna slógadh ag Cumann AAL (AALA), a bhfuil an clár oibre don aosú gníomhach agus folláin san Eoraip leagtha síos acu agus a bhfuil ról na nuálaíochta digítí sa réimse sin curtha chun cinn acu;
- comhpháirtíochtaí fadtéarmacha atá bunaithe ar chláir lena dtairgtear, mar aon le glaonna trasnáisiúnta, punann de Ghníomhaíochtaí Tacaíochta cuimsitheacha ar leibhéal an Aontais (sraith tionscnamh, staidéar agus seirbhísí) atá dírithe ar thacú le hiarratasóirí tionscadail, le tairbhíthe comhpháirtíochta agus leis an bpobal i gcoitinne atá nasctha le príomhréimsí fócais na comhpháirtíochta;
- cur chuige iomlánaíoch maidir le claochlú córais, lena gcuimsítear comhspleáchais beart beartais/rialála, cinntí cistiúcháin & infheistíochta, éiceachórais sonraí agus feidhmeanna teicneolaíochta digítí le cultúr eagrúcháin, samhlacha gnó agus rialachais éagsúla, agus córais réigiúnacha sláinte agus cúraim éagsúla.

## **2. MAIREACHTÁIL GHNÍOMHACH, FHOLLÁIN: DÚSHLÁN COMHCHEANGAILTE AN ATHRAITHE DHÉIMEAGRAFAIGH AGUS AN CHLAOCHLAITHE DHIGITIGH**

Baineann an tuarascáil seo leis an meastóireacht ar chlár AAL2 a cuireadh ar bun in 2014 mar thionscnamh comharba ar an gComhchlár um Maireachtáil Chuidithe Chomhthimpeallach<sup>(4)</sup> (AAL). Tá an dá chlár bunaithe ar Airteagal 185 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)<sup>(5)</sup>. Chinn an AE páirt a ghlacadh sna cláir taighde agus forbartha seo trí thacaíocht na stát rannpháirteach a mheaitseáil le maoiniú ó Fhís 2020 (do AAL2) agus ón 7<sup>ú</sup> Creatchlár Taighde (do AAL). Rinneadh foráil i gcinneadh 2014 maidir le ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gclár AAL2 go ndéanfaí meastóireacht chríochnaitheach ar an gclár faoi dheireadh 2022.

San iomlán bhí 21 tír rannpháirteach i gcaitheamh shaolré an chlár 7 mbliana AAL2: 16 Bhallstát de chuid an Aontais, 3 thír chomhlachaithe Fís 2020 agus 2 thríú tír chomhlachaithe<sup>(6)</sup>. Cuireann na stáit rannpháirteacha an clár i bhfeidhm trí Chumann idirnáisiúnta neamhbhrabúis AAL atá á rialú ag Comhthionól Ginearálta agus a fhaigheann tacaíocht ó Aonad Bainistíochta Lárnach (CMU). Tá stádas breathnóra ag an gCoimisiún sa Chomhthionól Ginearálta agus tá ceart crosta aige ar an gclár oibre bliantúil, agus bhí sé ina pháirtí freisin sna comhaontuithe leis an AALA a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht airgeadais an Aontais.

---

<sup>(4)</sup> Cinneadh Uimh. 742/2008/CE, 9 Iúil 2008.

<sup>(5)</sup> Cinneadh Uimh. 554/2014/AE, an 15 Bealtaine 2014.

<sup>(6)</sup> An Ostair, an Bheilg (2 réigiún), Ceanada, an Chipir, an Danmhairg, an Ungáir, Éire, Iosrael, an Iodáil (3 réigiún), Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Spáinn (3 réigiún), an tSualainn, an Eilvéis, an Téaváin agus an Ríocht Aontaithe.

Dhírigh an clár AAL2 ar thaighde feidhmeach agus ar nuálaíocht atá dírithe ar an margadh agus ar réitigh TFC-bhunaithe maidir le haosú gníomhach agus folláin sa bhaile, sa phobal, nó ag an obair. Bunaítear é mar thionscnamh Airteagal 185 CFAE <sup>(7)</sup> ina bhfuil an Coimisiún tar éis oibriú le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha chun an iliomad deiseanna a thapú lena mbaineann an nuálaíocht dhigiteach agus an t-aosú gníomhach, folláin araon.

Ar an meán, bíonn saol níos faide i ndea-shláinte ag muintir na hEorpa ná mar a bhíonn ag réigiúin eile. Le 50 bliain anuas, tá méadú tagtha ar ionchas saoil ag breith faoi thart ar 10 mbliana d'fhir agus do mhná araon. Is gaisce iontach é seo a chruthaíonn dúshláin agus a chuireann deiseanna ar fáil.

Faoi 2070, meastar go mbeidh níos mó ná 30 % de mhuintir na hEorpa 65 bliana d'aois nó níos sine, i gcomparáid le díreach os cionn 20 % sa bhliain 2019 <sup>(8)</sup>. Meastar go méadóidh sciar na ndaoine atá 80 bliain d'aois nó níos sine ó 5,8 % go 13,2 % thar an tréimhse chéanna. Laistigh den Aontas, tá éagsúlacht mhór i dtionchar an aosaithe idir réigiúin, go háirithe idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe, agus tá méaduithe in ionchas saoil fholláin scaipthe go míchothrom <sup>(9)</sup>. An tráth céanna tá deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha ann a bhaineann le coincheap an aosaithe fholláin.

Tá saoránaigh breacaosta ag múnlú geilleagair níos mó agus níos mó agus tá an t-éileamh ar sheirbhísí agus ar tháirgí sa 'gheilleagar airgid' ag méadú go tapa <sup>(10)</sup>. Tá líon suntasach teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha ann anois chun tacú le daoine ag céim ar bith dá saol, chun tacú le 'dul in aois ar an láthair' agus ag an obair, chun an timpeallacht bhaile a fheabhsú agus chun tacú le nascacht shóisialta <sup>(11)</sup>. Agus na teicneolaíochtaí seo á n-úsáid a mhéid is féidir, d'fhéadfadh fás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta a bheith ann maidir le hathrú déimeagrafach ar féidir leis cothromaíocht a bhaint amach idir cuid dá thionchair ar chórais sláinte agus chúraim (shóisialta) agus feabhas a chur ar cháilíocht beatha an phobail atá ag dul in aois agus a gcúramóirí.

In Aibreán 2020, ghlac an Coimisiún 'Tuarascáil ar athrú déimeagrafach' agus 'Páipéar Uaine maidir le hAosú' ina dhiaidh sin in Eanáir 2021. Cuireann siad cur chuige cúlra saoil chun cinn maidir le haosú ina gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis an

---

(7) Comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí fadtéarmacha (P2P) is ea tionscnaimh Airteagal 185 a bhunaigh Ballstáit an AE ar bhonn deonach agus atá i dteideal ranníocaíocht shuntasach airgeadais a fháil freisin ó Chreachlár Taighde an Aontais. Tá sé mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna i réimsí taighde ar leith trí bharrainneachtaí scála agus sineirgí a chruthú idir cláir thaighde agus infheistíocht náisiúnta agus AE. Is é is aidhm don chlár comhtháthú eolaíoch, bainistíochta agus airgeadais a bhaint amach i measc na gclár náisiúnta taighde i réimse ar leith (ó: <https://www.era-learn.eu/>).

(8) An Coimisiún Eorpach (2021), *The 2021 Ageing Report [Tuarascáil ar Aosú 2021]. Economic & Budgetary Projects for the EU Member States [Tionscadail Eacnamaíocha agus Bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh] (2019 -2070)*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

(9) An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2021), *Deich mBliana den Aosú Folláin: Tuarascáil Bonnline*.

(10) An Coimisiún Eorpach (2018), *The Silver Economy*, A study prepared for the European Commission Ard-Stiúirthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta ag Technopolis Group, Oxford Economics, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

(11) SAPEA, Science Advice for Policy le European Academies (2019), *Transforming the Future of Ageing*, SAPEA, Beirlín (lgh. 190-196).

tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc ó thréimhse luath sa saol, agus an gá atá le saol folláin gníomhach a chaitheamh le linn shaolré iomlán an duine.

Tá ról tábhachtach ag réitigh sláinte digití sna nithe seo a leanas, mar shampla:

- cabhrú le daoine breacaosta maireachtáil go neamhspleách ('aosú ar an láthair') agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar a stádas sláinte féin;
- tacú le cosc ar thitim;
- foirgnimh, cathracha agus timpeallachtaí atá oiriúnach do dhaoine aosta a chur chun cinn;
- daoine breacaosta a chumasú le dul i ngleic le comhghalrachtaí (níos mó ná fadhb shláinte amháin a bheith acu an tráth céanna) agus uaigneas, mar sin feabhas a chur ar a meabhairshláinte.

Cuireann an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030<sup>(12)</sup> rochtain ar chúram sláinte atá dírithe ar chosc agus ar chúram sláinte ar ardchaighdeán chun cinn mar phríomhghné chun cáilíocht beatha daoine faoi mhíchumas, daoine breacaosta san áireamh, a fheabhsú.

Tá sé seo i measc na n-aidhmeanna atá ag Straitéis Cúraim Sláinte an AE freisin<sup>(13)</sup> (Meán Fómhair 2022). Foilsíodh le déanaí é. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cúram fadtéarmach tráthúil, cuimsitheach agus inacmhainne, chomh maith le soláthar agus meascán seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh gairmiúla a mhéadú (cúram baile, cúram pobalbhunaithe agus cúram cónaithe), agus réitigh dhigiteacha inrochtana a chur i bhfeidhm go céimneach chun seirbhísí cúraim a sholáthar.

Tá rún daingean ag an gCoimisiún 'Deich mBliana Digiteacha' na hEorpa seo a dhéanamh den deich mbliana seo. Sa Teachtaireacht dar teideal '2030 Digital Compass for the EU's digital decade'<sup>(14)</sup> [Treoir Dhigiteach do dheich mbliana digiteach an Aontais Eorpaigh] leagtar amach fíis an Choimisiúin agus na bealaí do chlaohlú digiteach na hEorpa go dtí 2030. Ní mór don Eoraip a ceannasacht dhigiteach a neartú anois agus caighdeán a leagan síos, seachas caighdeán tíortha eile a leanúint – le fócas soiléir ar shonraí, teicneolaíocht agus bonneagar. Má tá siad le páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha sa lá atá inniu ann agus amach anseo, is gá a chur ar chumas mhuintir na hEorpa go léir úsáid iomlán a bhaint as deiseanna agus teicneolaíochtaí digiteacha, amhail seirbhísí sláinte digiteacha, agus is gá rochtain shlán, idir-inoibritheach gan uaim ar fud an Aontais a éascú ar sheirbhísí poiblí digiteacha atá deartha chun freastal go héifeachtach ar riachtanais daoine.

Sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus prionsabail don Deich mBliana Digiteach<sup>(15)</sup> tugtar treoir a mhúnlaítear le luachanna Eorpacha don AE agus do na

---

<sup>(12)</sup> An Coimisiún Eorpach (2021), Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Aontas an Chomhionannais : strategy for the rights of persons with disabilities 2021-2030*, Oifig na bhFoilseachán, 2021, <https://data.europa.eu/doi/10.2767/31633>

<sup>(13)</sup> An Coimisiún Eorpach (2022), *Straitéis Eorpach um Chúram le haghaidh cúramóirí agus faighteoirí cúraim*, [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip\\_22\\_5169](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_5169)

<sup>(14)</sup> COM(2021) 118 final.

<sup>(15)</sup> COM(2022) 27 final.

Ballstáit agus iad ag oiriúnú don chlaohlú digiteach. Díríonn an prionsabal 'dlúthpháirtíocht agus cuimsiú' go sonrach ar theicneolaíocht ar cheart di daoine a aontú agus gan iad a scaradh agus leagann sé béim air gur cheart go mbeadh rochtain ag gach duine ar an idirlíon, ar scileanna digiteacha, ar sheirbhísí poiblí digiteacha agus ar dhálaí oibre córa.

Leis an Rialachán atá beartaithe maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS)<sup>(16)</sup>, tabharfar de chumhacht do dhaoine aonair a gcuid sonraí leictreonacha sláinte a rialú agus a chomhroinnt agus comhlíonadh le caighdeáin láidre phríobháideachta a áirithiú le cosaintí dlíthiúla, eagraíochtúla agus teicniúla.

### 3. CUSPÓIRÍ AGUS MODHEOLAÍOCHT MEASTÓIREACHTA

Sa mheastóireacht chríochnaitheach, tugtar aghaidh ar sheacht mbliana d'fheidhmiú an chláir AAL2, ó Mheitheamh 2014 go Meitheamh 2021, i gcomhréir leis na cúig chritéar meastóireachta atá i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr <sup>(17)</sup>, agus comhlánaítear iad le dhá chritéar bhreise a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht maidir le 'breisiú' agus 'trédhearcacht agus oscailteacht' na comhpháirtíochta.

Tá an mhodheolaíocht mheastóireachta bunaithe ar mhodhanna éagsúla anailíse agus ar fhoinsí sonraí. Tá an mheastóireacht bunaithe ar staidéar seachtrach<sup>(18)</sup>, a chuimsíonn 2 chás-staidéar, ag baint úsáide as an saibhreas fianaise a bailíodh cheana féin ó staidéir roimhe seo, mar shampla meastóireachtaí roimhe seo, measúnuithe tionchair, tuarascálacha féinmheasúnaithe, athbhreithnithe bliantúla (Coimisiún le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha) agus tuarascálacha eile. Áiríodh sa mheastóireacht freisin faisnéis staidrimh faoin gclár AAL2 agus faoi staidéar tionchair an chláir 2021 <sup>(19)</sup>, arna soláthar ag an struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe (CMU) a bhainistíonn an clár. Saibhríodh na torthaí cainníochtúla le faisnéis cháilíochtúil ó thuairim is 30 agallamh le rannpháirtithe sa chlár agus le réimse páirtithe leasmhara níos leithne. Tá conclúidí an staidéir sheachtraigh fóna agus bunaithe ar thuiscint mhaith ar na castachtaí a bhaineann go bunúsach le bunsamhail bainistíochta indírí AAL2 le haghaidh 'chomhpháirtíochtaí Airteagal 185 CFAE' ag na Ballstáit.

#### Teorainneacha agus stóinseacht

Tá sonraí staidrimh curtha ar fáil ag an CMU ar eagraíocht an-ghairmiúil í a bhfuil próisis agus nósanna imeachta fíorchuimsitheacha aici. Mar sin meastar go bhfuil na tacair sonraí atá ar fáil an-iontaofa.

---

<sup>(16)</sup> COM(2022) 197 final.

<sup>(17)</sup> Leagtar amach sna treoirlínte um rialáil níos fearr na prionsabail a leanann an Coimisiún Eorpach nuair a bhíonn tionscnaimh agus tograí nua á n-ullmhú aige agus nuair a bhíonn an reachtaíocht atá ann cheana á bainistiú agus á [measúnú](#) aige.

<sup>(18)</sup> Féach fonótaí 2 agus 3.

<sup>(19)</sup> Idea Consult, [Third edition of the AAL programme impact assessment](#), tuarascáil achomair deiridh, Nollaig 2021, an Bhruiséil.

Tá sonraí ar thionchair fhadtéarmacha an chláir AAL2 fós ag teacht chun cinn. Tá thart ar 40 % de na tionscadail fós ar siúl<sup>(20)</sup>. Dá bhrí sin, bhí an measúnú ar thionchar agus ar chuid de na critéir éifeachtúlachta bunaithe go príomha ar staidéar tionchair an chláir<sup>(21)</sup>, a bhreathnaigh ar mhéid sampla réasúnta beag, is é sin, 38 tionscadal AAL2 a críochnaíodh faoi mhí na Nollag 2019 agus inar cuireadh agallamh ar na tairbhíthe AAL2 a bhí bainteach leis.

Cuirtear san áireamh sa mheastóireacht teorainneacha bunúsacha thorthaí na suirbhéanna:

- go léiríonn na freagraí a fuarthas tuairimí sampla de pháirtithe leasmhara ábhartha seachas tuairimí an phobail ar fad a bhfuil leas acu sa réimse seo;
- cuireann tuairimí na bpáirtithe leasmhara dearcadh aonair in iúl seachas dearcadh foriomlán.

Ba dhaoine gairmiúla an-oilte iad na hagallóirí go léir a raibh cur amach fíormhaith acu ar an gclár. Mar sin meastar go léiríonn an bonn fianaise carntha barúlacha agus tuairimí an phobail AAL go hiontaofa.

I bhfianaise an na faisnéise thuas, is féidir a mheas go ndearnadh an mheastóireacht seo ar bhonn na sonraí is fearr atá ar fáil. Aon uair a bhíonn sonraí cainníochtúla iontaofa in easnamh, déantar é sin a chúiteamh le sonraí cáilíochtúla agus cúinsí, agus mar sin maolaíodh tionchar na dteorainneacha thuasluaite a oiread agus ab fhéidir.

#### **4. TORTHAÍ AGUS MOLTAÍ NA MEASTÓIREACHTA CRÍOCHNAITHÍ**

Deimhnítear i dtuarascáil na meastóireachta críochnaithí an breisluach ard agus na gaiscí móra a baineadh amach leis an gclár AAL2 agus cinntítear mar fhocal scoir:

- go leanann an clár de sheasamh uathúil a bheith aige i réimse na réiteach digiteach don aosú gníomhach agus folláin, agus ábharthacht láidir, breisluach AE agus breisíocht ag baint leis;
- go dtugann AAL2 le chéile meascán an-ábhartha de thairbhíthe, lena n-áirítear FBManna agus eagraíochtaí úsáideoirí deiridh nach mbíonn rannpháirteach de ghnáth i bhFís 2020;
- go bhfuil an clár á bhainistiú go maith a bhuíochas do mhodhanna solúbtha cur chun feidhme agus do ról láidir ceannaireachta atá ag an Aonad Bainistíochta Lárnach/struchtúr tiomnaithe cur chun feidhme;
- tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gclár i dtreo a chuspóirí, ach ní ghlactar go tapa le réitigh nuálacha toisc go gcuireann cineál casta an mhargaidh srian leis fós.

---

<sup>(20)</sup> Stádas 151 tionscadal AAL2 ag deireadh 2021: 78 críochnaithe; 59 fós ar siúl; meastar go dtabharfar na tionscadail dheireanacha chun críche faoi lár 2025.

<sup>(21)</sup> Féach fonóta 19.

Leagtar béim sa mheastóireacht ar roinnt príomhghaiscí agus torthaí luatha tábhachtacha, ar táscairí iad a bhfuil gealladh fúthu maidir le tionchar foriomlán ábhartha:

- san iomlán, maoiníodh 151 tionscadal comhoibritheach (lena raibh baint ag 3 chomhpháirtí ar a laghad ó thíortha éagsúla) faoi AAL2;
- Thacaigh AAL2 le 705 thairbhí, le 1078 rannpháirtíocht<sup>(22)</sup>, a raibh an méid seo a leanas fíor ina leith:
  - B'ionann FBManna agus 40,3 %,
  - b'ionann ollscoileanna agus institiúidí taighde agus 26,8 %,
  - b'ionann eagraíochtaí úsáideoirí deiridh agus 26,3 %; tháinig méadú mór ar rannpháirtíocht eagraíochtaí úsáideoirí deiridh le linn AAL2;
- is ionann infheistíocht fhoriomlán an chláir in AAL2 agus EUR 308 milliún; Gealltanais EUR 108.6 milliún<sup>(23)</sup> ón CE, arna chomhlánú le breis is EUR 121.5 milliún de ghealltanais ó na stáit rannpháirteacha agus cómhaoiniú measta os cionn EUR 77.7 milliún ó rannpháirtithe sa chlár a ghiaíil.
- Tugann AAL2 na príomhchomhlachtaí taighde san Eoraip le chéile le FBManna agus le heagraíochtaí úsáideoirí deiridh nach mbíonn rannpháirteach de ghnáth i bhFís 2020;
- baineann thart ar 22 % de na hollscoileanna agus de na hinstiúidí ardoideachais atá rannpháirteach in AAL2 leis an 1 % is fearr de rannpháirtithe Fís 2020; Baineann 45,4 % leis an 10 % is fearr. Léiríonn sé sin cineál na gcomhlachtaí taighde atá rannpháirteach in AAL2;
- tá comhlántacht láidir idir AAL2 agus codanna eile de chlár Fís 2020 i ndáil le próifílí na rannpháirtithe: Níor ghlac 56,2 % de rannpháirtithe AAL2 páirt i dtionscadal Fís 2020 (lasmuigh de AAL2); maidir le FBManna, is é 62,8 % an ráta sin;
- tháinig méadú 18.8 bpointe céatadáin ar an ráta úsáide buiséid, i gcomparáid leis an gclár roimhe seo, a bhí le athchumraíochtaí tionscadal agus sásraí barrfheabhsaithe eile;
- as 38 tionscadal, bhí réiteach amháin ar a laghad tugtha chuig an margadh ag 23 (61 %) díobh siúd a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2019. Chlúdaigh siad seo réitigh dhigiteacha a thacaíonn go maith le haosú i réimsí éagsúla, lena n-áirítear

---

<sup>(22)</sup> Tagraíonn an téarma ‘rannpháirtíochtaí’ do shuim na dtairbhíthe go léir sna tionscadail go léir, lena n-áirítear comhaireamh iolrach na dtairbhíthe a bhí rannpháirteach roinnt uaireanta.

<sup>(23)</sup> Leagtar síos sna boinn dhlíthiúla ranníocaíocht airgeadais uasta mheasta EUR 175 milliún ón AE agus leagtar síos iontu nach féidir le ceangaltas airgeadais bliantúil an AE don chlár AAL2 a bheith níos mó ná an ceangaltas airgeadais bliantúil ó na Ballstáit rannpháirteacha. Áirítear le buiséad CE bainistiú clár, Gníomhaíochtaí Tacaíochta agus glaonna tionscadail; is chun glaonna ar thionscadail a mhaoiniú, agus chuige sin amháin, atá buiséid na stát rannpháirteach agus na dtairbhíthe.

sábháilteacht agus slándáil; fóillíocht agus cultúr; obair agus oiliúint; beocht agus cumais; taisteal agus iompar;

- d'fhreastail os cionn 4 800 duine ar Fhóráim AAL2 chun comhoibriú trasnáisiúnta a threisiú , líonrú agus smaointe a mhalartú;
- bhí 65 tionscadal rannpháirteach i ngníomhaíochtaí Gníomh Tacaíochta AAL2Business chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna maidir lena réiteach a thabhairt chuig an margadh. Thuairiscigh tairbhíthe freisin go raibh méadú suntasach tagtha ar a gcuid eolais ar riachtanais úsáideoirí.

#### **4.1. Barúlacha ginearálta**

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thuarascáil na meastóireachta críochnaithí, a bhfuil sonraí agus fianaise oibiachtúla mar bhonn agus mar thaca aici. Tá na moltaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh bunaithe ar thuiscint mhaith ar na castachtaí a bhaineann go bunúsach le samhail bainistíochta indíri chomhpháirtíochtaí Airteagal 185 CFAE leis na Ballstáit.

Is díol sásaimh don Choimisiún an chonclúid nár tháinig na hábhair mhóra inní a cuireadh in iúl sa mheastóireacht eatramhach<sup>(24)</sup> chun cinn. Níor lean na treochtaí diúltacha a sainaitníodh sa mheastóireacht eatramhach, go háirithe go mbeadh líon na dtíortha atá rannpháirteach go gníomhach sa chlár ag laghdú agus na gealltanais bhuiséadacha laghdaithe a ghabhadh leis seo, agus aisiompaíodh é sin le linn an dara leath de AAL2, rud a áirithíonn inbhuanaitheacht an chláir, agus ballraíocht chobhsaí thar thréimhse an chláir iomláin.

Ina theannta sin, cuireadh i gcoinne na n-ábhar inní faoi easpa ceannaireachta straitéisí laistigh den AALA mar thoradh ar athstruchtúrú mór an CMU mar fhreagra ar na moltaí sa mheastóireacht eatramhach. Mar thoradh air sin, cuireadh feabhas ar an gcumas straitéiseach lena soláthraíodh ceannaireacht réamhghníomhach, fhreagrúil agus fhuinniúil le linn an dara leath den chlár AAL2. Ina dhiaidh sin, bhí an clár in ann oiriúnú go tapa do léargais agus éilimh nua, rud a thug feabhsuithe suntasacha oibríochtúla isteach a chinntigh go raibh sé ábhartha i gcónaí.

Aithníonn an Coimisiún an ról ceannródaíoch atá ag an gclár maidir leis an iliomad deiseanna a chruthú agus a thapú chun cur le haosú gníomhach agus sláintiúil trí nuálaíocht dhigiteach. Chuidigh an clár go gníomhach le dearcadh dearfach a fhorbairt maidir le haosú agus chruthaigh sé spás neodrach, ag tabhairt grúpaí páirtithe leasmhara le chéile nach raibh aon idirghníomhaíocht acu roimhe seo.

In ainneoin nádúr casta agus ilroinnte an mhargaidh, léirigh AAL2 treocht dhearfach i líon na réiteach a seoladh ar an margadh agus chuir sé nuálaíocht shóisialta chun cinn. Thug sé aghaidh freisin ar na spriocghrúpaí tosaíochta atá leagtha amach don chlár, is iad sin, FBManna (40,3 %) agus eagraíochtaí úsáideoirí deiridh (26,3 %) nach mbíonn rannpháirteach de ghnáth i gcláir taighde agus nuálaíochta (T&N) arna maoiniú ag an Aontas Eorpach.

---

<sup>(24)</sup> An Coimisiún Eorpach (2017), [Interim Evaluation of the Active & Assisted Living Programme](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

## 4.2. Moltaí agus ceachtanna foghlamtha

Glacann an Coimisiún go hiomlán le conclúid na tuarascála meastóireachta go mbeidh cur chuige níos leithne i leith athrú córais ag teastáil chun gníomhaíocht Eorpach a dhéanamh amach anseo maidir le nuálaíocht dhigiteach i ndáil le riachtanais mhaireachtála ghníomhacha folláine. Tá cur chuige iomlánaíoch ag teastáil a mhúsclaíonn suim gach geallsealbhóra phríobháidigh agus phoiblí, lena n-áirítear gach leibhéal ábhartha rialtais atá freagrach as inbhuanaitheacht agus claochlú na gcóras sláinte agus cúraim.

Tá cur chuige iomlánaíoch den sórt sin glactha cheana féin ag an gCoimisiún i gcreachtlár taighde agus nuálaíochta Fís Eorpach agus, go sonrach, ina éileamh ar Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le córais sláinte agus chúraim a bhunathrú<sup>(25)</sup>. Leis an ngníomhaíocht chomhchistithe seo, cruthófar comhpháirtíocht T&N lena ndíreofar ar chórais sláinte agus chúraim a bhunathrú agus lena léireofar deis straitéiseach uathúil chun páirtithe leasmhara (éiceachórais réigiúnacha san áireamh) a thabhairt le chéile, sineirgí a chruthú, gníomhaíochtaí T&N a chomhordú, agus digitíú seirbhísí sláinte agus cúraim a éascú, ag baint úsáide as réitigh nuálacha atá bunaithe ar eolas agus ar fhianaise.

Spreagfaidh sé nuálaíochtaí seirbhíse, beartais agus eagrúcháin, chomh maith le nuálaíochtaí bithleighis agus teicneolaíochta a chomhtháthú chun leasa shaoránaigh na hEorpa agus thionscal na hEorpa. Iarrtar ar an gcomhpháirtíocht chomhchiste tógáil ar an eolas a fuarthas ó thionscnaimh Fís 2020, amhail an clár AAL. Freagraíonn sé seo do mholadh na tuarascála meastóireachta gur chóir do ghníomhaíochtaí amach anseo tógáil ar thiomantas an phobail geallsealbhóirí a chruthaigh AAL2 atá tiomanta do mhaireachtáil ghníomhach, fholláin.

Aithníonn an Coimisiún gur léir go bhfuil ‘Gníomhaíochtaí Tacaíochta’ ina mbreis éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de ar mhaoiniú na nglaoanna trasnáisiúnta agus go dtreisiúnn siad cumas na Comhpháirtíochta a cuid cuspóirí a bhaint amach. Chuirfeadh an Coimisiún cur chuige den sórt sin chun cinn in aon struchtúr comhpháirtíochta agus comhair amach anseo.

Is tábhachtach an rud é gur cheart go ndéanfaí nuálaíocht theicneolaíoch agus shóisialta a chumasc le gníomhaíochtaí beartais amach anseo in ionad déileáil leis an dá ghné ar leithligh. Mar an gcéanna, ba cheart dó maireachtáil ghníomhach fholláin a chur chun cinn agus cabhrú le daoine agus le cumainn lántairbhe a bhaint as réitigh dhigiteacha chun aosú go maith.

Aithnítear sa Straitéis Eorpach Cúraim<sup>(26)</sup>, a foilsíodh i Meán Fómhair 2022, an tábhacht a bhaineann le réitigh dhigiteacha inrochtana a chur i bhfeidhm chun seirbhísí cúraim a sholáthar, i ngach suíomh cúraim, amhail cúram baile, cúram pobalbhunaithe agus cúram cónaithe. Leis an Rialachán atá beartaithe maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) cuirtear chun cinn idir-inoibritheacht na sonraí sláinte leictreonacha idir na soláthraithe éagsúla agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le bonneagar cuimsitheach sláinte agus cúraim a chruthú. Ina theannta sin, agus na cláir chistiúcháin á gceapadh aige faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (CAI), tá aird ar leith tugtha ag an gCoimisiún ar

---

<sup>(25)</sup> [HORIZON-HLTH-2022-CARE-10-01](#)

<sup>(26)</sup> Féach fonóta 13.

choinníollacha fabhracha a chruthú chun cistiú a chumasc agus chun sineirgí a spreagadh sna cláir éagsúla.

Tá Ionstraim Tacaíochta Suaitheanta foilsithe ag an gCoimisiún freisin maidir le ‘Cúram Comhtháite atá dírithe ar an Duine’<sup>(27)</sup> (mí na Bealtaine 2022), chun athchóirithe a chur chun cinn i mBallstáit an Aontais a chabhraíonn le riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha straitéisí a iniúchadh, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun sláinte, cúram sóisialta agus cúram fadtéarmach a chomhtháthú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí réitigh dhigiteacha atá níos comhtháite.

Aontaíonn an Coimisiún leis an ngá atá le straitéisí a fhorbairt chun nuálaíocht a úsáid agus a mhéadú i ngníomhaíochtaí amach anseo lena dtacófar le claochlú digiteach i gcórais sláinte agus cúraim agus le díriú isteach ar an staid ar an talamh.

Chuir an Coimisiún tús leis an obair i gcur chuige tras-fearainn lena ndírítear ar thacú le treoirscéimeanna ar mhórsála agus le tionscadail ardáin faoi bhraisle Fís 2020 dar teideal 'Digitisation of European Industries – Large-Scale Pilots on Active and Healthy Living [Digitíú na dTionscal Eorpach - Treoirscéimeanna Mórsála ar Maireachtáil Ghníomhach agus Fholláin] (DEI Healthy Living)'<sup>(28)</sup>. Chun tacú le cur i bhfeidhm na chéad ghlúine eile d'ardáin dhigiteacha, oibríonn Maireachtáil Shláintiúil feadh ceithre líne ghnímh: tógáil ardáin, éiceachóras gnó faoi thiomáint sonraí, píolótú ar mhórsála ar ailtireachtaí tagartha agus ar chaighdeánú.

Ina theannta sin, tá sé i gceist leis an gclár nua Eoraip Dhigiteach (DIGITEACH) tabhairt faoi ghníomhartha iolracha chun tacú le réitigh nua a bhaint amach agus lena nglacadh, trí chistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear dlús le glacadh agus úsáid is fearr teicneolaíochtaí digiteacha, san earnáil sláinte agus cúraim freisin, trí 'Shaoráidí Tástála agus Turgnaimh (TEF)' agus 'Moil Eorpacha um Nuálaíocht Dhigiteach (EDIH)', lena mbaineann an slabhra luacha iomlán, a thairiscint, ó thaobh an tslabhra sholáthair agus ó thaobh éilimh de. Beidh sé ríthábhachtach nuálaíocht seirbhíse, nuálaíocht ghnó agus nuálaíocht dhigiteach a chomhcheangal chun an t-aistriú paraidíme chuig díriú níos mó ar chosc agus ar bheatha fholláin agus chuig níos mó infheistíochta a dhéanamh iontu siúd a bhaint amach d'fhonn a chur ar chumas daoine aire a thabhairt dá sláinte agus roghanna sláinte eolacha a dhéanamh.

I roinnt Moltaí ón gComhairle spreagadh úsáid agus méadú nuálaíochta chun an t-sláinte agus cúram a sholáthar ar shlí níos fearr don bpobal atá ag dul in aois sna Ballstáit.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle [Conclúidí maidir le Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Folláine Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe](#)<sup>(29)</sup> agus d'iarr sí ar na Ballstáit aosú gníomhach agus folláin a chur chun cinn – lena n-áirítear trí leas a bhaint as tionchar dearfach na dteicneolaíochtaí digiteacha i seirbhísí poiblí. D'iarr sí ar an gCoimisiún freisin leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar an digitíú; chomh maith le daoine breacaosta a chumhachtú teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar a sláinte go neamhspleách.

---

<sup>(27)</sup> [https://ec.europa.eu/reform-support/towards-person-centred-integrated-care\\_ga](https://ec.europa.eu/reform-support/towards-person-centred-integrated-care_ga)

<sup>(28)</sup> <https://www.opendei.eu/> agus <https://www.opendei.eu/healthcare-sector/>

<sup>(29)</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11717-2020-REV-2/ga/pdf>

Ina theannta sin, iarradh sa Chonclúid [ón gComhairle maidir le Dúshlán Dhéimeagrafacha – an Bealach Chun Tosaigh](#) <sup>(30)</sup> ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhéimeagrafacha agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir an teicneolaíocht digitithe agus leasa a chomhtháthú níos fearr i seirbhísí cúraim chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar sholáthar seirbhísí.

In 2021, glacadh Conclúidí na [Comhairle maidir le hAosú Príomhshrutha i mBeartais Phoiblí](#) <sup>(31)</sup>, agus i Meán Fómhair 2022 moladh sa [Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ardleibhéil inacmhainne](#) <sup>(32)</sup> go gcuirfeadh na Ballstáit teicneolaíocht inrochtana, nuálach agus réitigh dhigiteacha i bhfeidhm chun seirbhísí cúraim a sholáthar, lena n-áirítear tacú le maireachtaíil neamhspleách.

Ina theannta sin, tá réimsí tosaíochta straitéiseacha T&N digiteacha leabaithe i mbraislí téamacha éagsúla an chreata taighde agus nuálaíochta Fís Eorpach (2021 -2027) - amhail Sláinte Bhraisle 1, a thacaíonn go láidir le teicneolaíochtaí digiteacha.

Ba cheart daoine scothaosta a chumhachtú le teicneolaíochtaí digiteacha, a bheith in ann muinín a bheith acu astu agus iad a spreagadh chun iad a úsáid d'aosú maith. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do '[Maireachtaíil Ghníomhach agus Fholláin sa Domhan Digiteach](#)' <sup>(33)</sup> agus don gheilleagar airgid atá ag dul i méid, trína ghníomhaíochtaí T&N, trína bheartais agus trína chomhpháirtíochtaí, trí thacaíocht éiceachórais agus tógála pobail agus trína Straitéis Cúraim Eorpach agus an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla Shuaitheanta maidir le Cúram Comhtháite, rud a chinnteoidh go rachaidh na gníomhaíochtaí sin chun tairbhe do phobal atá ag dul in aois san Eoraip.

## 5. CONCLÚIDÍ

D'athraigh paindéim COVID-19 an Eoraip agus an domhan i bpreabadh na súl. Léirigh sé go soiléir an tábhacht a bhaineann le seirbhísí digiteacha a ghlacadh inár sochaí, agus chuir sé dlús suntasach leis an nglacadh sin. Fágfaidh sé seo tionchar buan ar an tslí a mairimid agus a oibrímid, le huileláithreacht na teicneolaíochtaí digiteacha.

Thaispeáin an phaindéim dúinn an chaoi a bhfuil an tsláinte, an fholláine agus an cuimsiú sóisialta fite fuaite lena chéile agus ag dul thar a chéile go minic. Ní mór dúinn athmhachnamh a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais lena ndéantar foráil d'earnálacha níos leithne na sochaí agus lena ndéantar idirghabháil iontu, lena n-áirítear páirtithe leasmhara a bhíodh ann i gcónaí chomh maith le páirtithe leasmhara nua.

I dtuarascáil na meastóireachta críochnaithí le haghaidh AAL2 déantar doiciméadú ar an tionchar dearfach a bhí ag an Aontas agus ag na stáit rannpháirteacha a tháinig le chéile chun dul i ngleic le dúshlán an 'Mhargaidh Airgid' atá roimh an Eoraip ag gach leibhéal agus chun an t-éiceachóras níos leithne a spreagadh chun leas níos mó a bhaint as

---

<sup>(30)</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8668-2020-INIT/ga/pdf>

<sup>(31)</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6976-2021-INIT/ga/pdf>

<sup>(32)</sup> COM(2022) 441 final.

<sup>(33)</sup> <https://futurium.ec.europa.eu/ga/active-and-healthy-living-digital-world>

fuinneamh 'comhghuaillíocht na gcorraitheoirí luatha' seo chun nuálaíocht theicneolaíoch agus shóisialta a chur chun cinn ar mhaithe le haosú maith san Eoraip.

Creideann an Coimisiún gur fearr is féidir réitigh nuálacha digiteacha sláinte agus cúraim a úsáid go tapa trí oibriú le chéile ar leibhéal an Aontais, trí thaithí a roinnt maidir le leas a bhaint as nuálaíocht, tionchar nuálaíochta a thomhas agus í a aistriú ar fud na mBallstát agus na réigiún, na réigiúin teorann san áireamh. An tráth céanna, is léir nach bhfuil aon chur chuige amháin ann a oireann do chách. Ní mór do cheapadh beartas ar fud gach leibhéal díriú isteach ar an bhfíorshaol mar atá sé ar an talamh agus oiriúnú dá réir sin do dhifriochtaí réigiúnacha. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe go léir riachtanach má táimid chun 'bua faoi thrí' a chruthú a rachaidh chun tairbhe do dhaoine, do chórais sláinte agus don mhargadh.

Iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle a dtuairim a thabhairt ar anailís agus moltaí na tuarascála, agus tacú le cur chun feidhme gnímh amach anseo maidir le nuálaíocht dhigiteach in aosú gníomhach, folláin.